# CUNTAS MÍNITHE

**Fás is mó ar thaifead don daonra**

4,234,925 daoine an réamh-iomlán a bhí ann don daonra áirithe ar oíche an daonáirimh 23 Aibreán 2006 i gcomparáid le 3,917,203 daoine in Aibreán na bliana 2002, b'ionann sin agus méadú de 317,722 daoine nó 8.1% i gceithre bliana. Sa thréimhse ceithre bliana seo bhí meán ráta méaduithe sa daonra de 2%, an ráta ab airde ar thaifead. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le 1.3% don tréimhse idirdhaonáirimh roimhe sin 1996-2002 agus leis an ráta ard roimhe de 1.5% a tharla idir na blianta 1971 agus 1979. Saraíodh daonra 2006 don uair dheireanach roimhe sin i ndaonáireamh 1861 nuair a bhí daonra de 4.4 milliún ar thaifead.

Is ionann iomlán an daonáirimh agus áireamh ar líon na ndaoine sa Stát oíche an daonáirimh. Léiríonn an t-athrú sa daonra idir dhá dhaonáireamh an tionchar atá ag breitheanna agus básanna agus ar aistriú daoine isteach agus amach as an Stát sa thréimhse chuí. Ós rud é go bhfuil figiúirí againn do líon na mbreitheanna agus na mbásanna ó chóras clárúcháin na staitisticí beatha tógtar an fuílleach dá bharr mar thomhas ar imirce ghlan i.e. an difríocht idir an méid daoine a thagann isteach agus a théann amach.

Cláraíodh beagainín ós cionn 245,000 breitheanna sa thréimhse ceithre bliana a chríochnaigh i mí na Márta 2006. Má thógtar iad seo in éineacht leis an 114,000 básanna a cláraíodh sa thréimhse chéanna feictear méadú nádúrtha sa daonra de 131,000. Má bhaintear an figiúr seo ón ardú sa daonra de 318,000 faightear figiúr don inimirce ghlan de 186,000[1] don tréimhse 2002-2006.

**Taobh Stairiúil**

Le míniú stairiúil a thabhairt ar na hathruithe is déanaí léiríonn Tábla A comhpháirteanna den athrú sa daonra, curtha in iúl mar mheánfhigiúirí bliantúla, do gach tréimhse idirdhaonáirimh ó 1926.

**Tábla A. Meánlíon breitheanna, básanna bliantúla, méadú nádúrtha agus imirce ghlan mheasta do gach tréimhse idirdhaonáirimh, 1926-2006**

| Tréimhse | Breitheanna | Básanna | Méadú nádúrtha | Athrú Daonra | Imirce ghlan mheasta |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Mílte | | |
| 1926 - 1936 | 58 | 42 | 16 | 0 | -17 |
| 1936 - 1946 | 60 | 43 | 17 | -1 | -19 |
| 1946 - 1951 | 66 | 40 | 26 | 1 | -24 |
| 1951 - 1956 | 63 | 36 | 27 | -12 | -39 |
| 1956 - 1961 | 61 | 34 | 26 | -16 | -42 |
| 1961 - 1966 | 63 | 33 | 29 | 13 | -16 |
| 1966 - 1971 | 63 | 33 | 30 | 19 | -11 |
| 1971 - 1979 | 69 | 33 | 35 | 49 | 14 |
| 1979 - 1981 | 73 | 33 | 40 | 38 | -3 |
| 1981 - 1986 | 67 | 33 | 34 | 19 | -14 |
| 1986 - 1991 | 56 | 32 | 24 | -3 | -27 |
| 1991 - 1996 | 50 | 31 | 18 | 20 | 2 |
| 1996 - 2002 | 54 | 31 | 23 | 49 | 26 |
| 2002 - 2006 | 61 | 28 | 33 | 79 | 46 |

Tá an méadú nadúrtha dearfach don tréimhse ar fad atá i gceist. Tháinig sé chuig buacphointe sa thréimhse 1979-1981 nuair a bhí ar an meán 40,000 níos mó breitheanna ná básanna ann gach bliain. Tháinig sé seo i ndiaidh neartaithe sheasta sa chaoga bliain roimhe. Bhain an laghdú sa mhéadú nádúrtha chuig meán de 18,000 sa bhliain idir 1991 agus 1996 don chuid is mó le laghdú i mbreitheanna a tharla idir 1980 agus 1994. Ó shoin i leith tá an méadú nádúrtha ag ardú de bharr líon na mbreitheanna a bheith ag méadú agus líon na mbásanna ag laghdú le meánfhigiúr bliantúil de 33,000 ar thaifead don tréimhse is déanaí idirdhaonáirimh.


Bhí an imirce ghlan níos soghalaithe ná méadú nádúrtha thar an tréimhse ochtó bliain. Shroich an eisimirce ghlan buacphointe sa dara leath de na 1950aidí agus

[1] Cuireadh 222,000 náisiúnaigh neamh-Éireannacha san áireamh mar chuid de dhaonáireamh 2002, b'ionann sin agus 5.8% den daonra gnáthchónaitheoirí. Cé nach mbeidh an figiúr cuí do 2006 ar fáil go mbeidh na Príomhthorthaí Déimeagrafacha foilsithe in Aibreán 2007, is féidir meastúchán triaileach a dhéanamh óna sonraí srutha maidir leis an imirce gur dóigh gur timpeall 400,000 náisiúnaigh neamh-Éireannacha a bheidh i gceist.

mar thoradh i ndaonáireamh 1961 cuireadh íosphointe daonra de 2.8 milliún ar thaifead. Cé gur lean an eisimirce i rith na 1960aidí ba leor an méadú láidir nádúrtha sa daonra le fás sa daonra ar an iomlán a chinntiú. Don chéad uair sna 1970aidí cuireadh inimirce ghlan ar thaifead agus mar thoradh bhí meánfhás bliantúil de 49,000 ar an daonra sa thréimhse seo. Ach, sna 1980aidí athosaigh an eisimirce ghlan agus mar thoradh tháinig measarthacht ar an bhfás sa daonra agus ansin laghdú air idir na blianta 1986 agus 1991. Ó shoin i leith is inimirce ghlan atá againn le formhór na sruthanna ag dul i neart chuig leibhéal de 46,000 sa thréimhse is déanaí idirdhaonáirimh.

Léiríonn Figiúr 1 meán athrú bliantúil sa daonra, méadú nádúrtha agus imirce ghlan do gach tréimhse idirdhaonáirimh ó 1926 go 2006. Is féidir an tionchar lárnach atá ag imirce ar athrú sa daonra a fheiceáil go soiléir.

**Figiúr 2 Gnéithe de na hathruithe daonra, 1926-2006**




**Athrú mór geografach**

Tháinig méadú ar an daonra i ngach cúige idir na blianta 2002 agus 2006 (féach Tábla 1) – le ráta méadaithe sa réimse ó 6.5% i gCúige Mumhan go 8.9% i gCúige Laighean. Mar gheall ar an ráta níos airde fáis a bhí i gCúige Laighean lean sciar an Chúige sin den daonra iomlán ag méadú. Tháinig stop idir na blianta 2002 – 2006 ar an meath fadthéarmach i sciartha daonra Cúige Chonnacht agus Cúige Uladh (cuid de) – choinnigh an dá chúige na sciartha a bhí acu sa bhliain 2002 den daonra iomlán. Thit sciar Chúige Mumhan den daonra iomlán ó 28.1% sa bhliain 2002 go 27.7% sa bhliain 2006.

Mhéadaigh an daonra i ngach contae i gCúige Laighean idir na blianta 2002 agus 2006. B’iad na contaetha Fine Gall (+43,400 nó 22.1%), An Mhí (+28,616 nó 21.4%) agus Cill Dara (+22,131 nó 13.5%) na contaetha ba mhó fáis. D’fhás daonra gach contae i gCúige Laighean seachas Baile Átha Cliath (+2%), Dún Laoghaire-Ráth an Dúin (+1%) agus Átha Cliath Theas (+3.4%) níos mó ná an meán ráta náisiúnta de 8.1%. Má bhreathnaítear ar an scéal deich mbliana (i.e. 1996-2006), b’ionann trí chontae i gCúige Laighean agus thart ar 29% den fhás iomlán de 609,000 sa dhaonra ag leibhéal an Stáit – Fine Gall, An Mhí agus Cill Dara.

Ar an láimh eile, bhí meath sa dhaonra idir 2002 agus 2006 i ndá chontae den 34 contae riaracháin, Cathair Chorcaí le meath de 3.2% agus Cathair Luimní le meath de 2.7%. I dtéarmaí céatadáin b’é Contae Chorcaí (+11.4%) an contae ba thapaidh fáis i gCúige Mumhan, le Co. Phort Láirge (+9.2%) agus Contae Luimní (+8.3%) ina dhiaidh. Bhain cuid mhaith den fhás seo le forbairtí i mbruachbhailte timpeall ar chathair Chorcaí, Phort Láirge agus Cathair Luimní.

Maidir leis na contaetha i gCúige Chonnacht, bhí an ráta fáis daonra ab airde i gCo. Liatroime (+3,038 nó 11.8%) sa thréimhse idirdhaonáirimh is déanaí. Tháinig

sé seo i ndiaidh méadaithe measartha de 3% idir 1996 agus 2002, b'shin athrú mór tar éis 150 bliain den mheath leanúnach. Tháinig méadú de 11% i gContae na Gaillimhe, cé gur mhaolaigh an fás tapaidh a bhí ann sa dá thréimhse idirdhaonáirimh roimhe i ndaonra Chathair na Gaillimhe síos go dtí 9.3% idir na blianta 2002 agus 2006.

Bhí an ráta fáis ba mhó i gCúige Uladh (cuid de), i gCo an Chabháin – an chuid is mó de seo i ndeisceart an chontae atá taobh istigh den chrios taistil ó Bhaile Átha Cliath. D'fhás Co. Dhún na nGall agus Co. Mhuineacháin ag ráta níos lú ná an meán ráta náisiúnta le ceithre bliana anuas.

**Fás ab airde i réigiún an Lár-Oirthir**

Bhí an fás ba mhó daonra ag an réigiún Lár-Oirthir, is iad sin contaetha Chill Dara, na Mí agus Chill Mhantáin (+15.1%) idir 2002 agus 2006. Bhí ráta go maith ós cionn an meánráta náisiúnta de 8.1% ag an réigiún Lártíre (+11.5%) freisin. Is cuid de chrios taistil Bhaile Átha Cliath iad na contaetha atá i gceist: Laois, Longfort, Uíbh Fhailí agus An Iarmhí. Bhí fás sa daonra de 8.7% i réigiúin an Oir-Dheiscirt agus an Iarthair, beagainín ós cionn an meán náisiúnta agus bhí réigiún na Teorann (+8%) ag dul leis an bhfás náisiúnta.

D'fhás daonra réigiúin Bhaile Átha Cliath díreach 5.6%, an méadú mór i bhFine Gall cúitithe ag méaduithe níos lú i mBaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Átha Cliath Theas. D'fhás daonra réigiúin an Lár-Iarthair faoi 6.2% le Cathair Luimní ag ísliú treochtaí. Chomh maith céanna, mhaolaigh Cathair Chorcaí an ráta fáis i réigiún an Iar-Dheiscirt (6.9%).

**Méadú nádúrtha dearfach i ngach contae**

Bhí méadú nádúrtha dearfach ag gach contae sa thréimhse idirdhaonáirimh 2002-2006 leis na rátaí ab airde sna contaetha leis na próifílí aoise ab óige (Fine Gall, Átha Cliath Theas, Cill Dara agus An Mhí) agus na rátaí ab ísle sna contaetha leis na próifílí aoise ba shine (Liatroim, Ros Comáin agus Maigh Eo).

Má bhaintear an méadú nádúrtha sa daonra ag leibhéal contae óna sonraí athruithe daonra cuí is féidir figiúirí don imirce ghlan sa chontae a chur le chéile. Léiríonn na figiúirí seo gluaiseacht ghlan gach duine isteach sa chontae ó áiteanna eile in Éirinn agus ó thar lear agus gluaiseacht amach as an gcontae chuig áiteanna eile in Éirinn agus chuig áiteanna thar lear. Tá comhpháirteanna den athrú sa daonra ar fáil i dTábla 5 do gach cúige, contae agus cathair ó 2002 go 2006. Tá achoimre i bhFigiúr 2 ar na figiúirí contae.


Ní raibh eisimirce ghlan ach ag sé chinn den tríocha ceathair contae riaracháin idir na blianta 2002 agus 2006. B'shin iad na cathracha – Luimneach, Corcaigh, Port Láirge agus Baile Átha Cliath chomh maith le Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tharla sé seo de bharr roinnt cúinsí ina measc leanaí fásta suas a bheith ag fágáil teach an teaghlaigh, scéimeanna athnuachana uirbeacha agus tógraí feabhsaithe inár leagadh tithe níos sine. Chomh maith leis sin i gcás go leor de na forbairtí i gceantair chathracha bhí blocanna árasán le haonaid indibhidiúla ag freastal ar dhuine amháin nó ar bheirt.

I gcás na gcontaetha ar dheis uachtarach de Fhigiúr 2 (Fine Gall, Cill Dara, An Mhí agus Cathair na Gaillimhe) bhí inimirce ghlan agus méadú nádúrtha iontu a bhí ós cionn 10 do gach míle (1%) go bliantúil idir 2002 agus 2006. Tharla na treochtaí seo mar thoradh ar fhorbairt tapaidh tithíochta agus líon ard breitheanna mar gheall ar an gcéatadán ard de theaghlaigh óga sna contaetha seo. Ar an láimh eile bhí imirce ghlan diúltach ag cuid de na contaetha sa chuid íochtarach ar chlé (na cathracha - Luimneach, Corcaigh, Port Láirge agus Baile Átha Cliath agus Dún Laoghaire-Ráth an Dúin) agus méadú nádúrtha íseal sa daonra. Tharla na treochtaí seo mar thoradh ar leibhéal íseal tithíochta nua agus daonra a bhí ag dul in aois.

**An fás ab airde i mBaile an Bhlácaigh**

Is Toghranna iad na ceantair is sonraithe riaracháin atá sa thuairisc reatha. Léiríonn Tábla 4 daonra 2006 ag an leibhéal tíreolaíochta seo rangaithe de réir gnéis chomh maith le sonraí 2002 ar mhaithe le comparáid. Tá na hathruithe céatadán léirithe i bhfoirm graif i Mápa 1 agus díríonn Mápa 2 ar chontaetha Átha Cliath.

Tá achoimre i dTábla B ar an bpríomh fiche ceantar fáis ó thaobh daonra de sa tír idir na blianta 2002 agus 2006. Bhí an méadú ba mhó daonra sa Toghroinn Baile Blainséir- Baile an Bhlácaigh i bhFine Gall áit ar fhás an daonra ó




**Figiúr 2 Méadú nádúrtha agus imirce ghlan mheasta do gach 1,000 de mheándaonra do gach Contae agus Cathair, 2002-2006**

*Tá na giorruithe seo a leanas curtha leo siúd atá in úsáid do chlárú feithiclí mótar: DR Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, F Fine Gall, DS Átha Cliath Theas, CC Contae Corcaí agus GC Contae na Gaillimhe.*

24,404 sa bhliain 2002 go 32,305 sa bhliain 2006. Bhí daonra de 15,131 ann sa bhliain 1996. I measc na dtoghranna eile i bhFine Gall a bhí sa phríomh fiche ceantar fáis bhí Baile Brígín Tuaithe, An Barda, Sord-Halla an Leasáin, Lusca, Dubhar (i ngar d'aerphort Bhaile Átha Cliath), Sord-An Fhoraois agus Caisleán Cnucha-Cnoc Mhaolrúin. Bhí na Toghranna seo a leanas i réigiún Átha Cliath i gceist freisin: Leamhcán-An Eiscir agus Tamhlacht-Ráth Miontáin in Átha Cliath Theas agus Gleann Cuillinn i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

**Tábla B Príomh fiche Toghroinn in ord de réir athraithe sa daonra, 2002 go 2006**

| Rang | Toghroinn | Contae | Daonra 2002 | Daonra 2006 | Fíor Mhéadú | Céatadán Méadaithe |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Baile Bhlainséir- Baile an Bhlácaigh | Fine Gall | 24,404 | 32,305 | 7,901 | 32.4 |
| 2 | An Uaimh - Tuaithe | An Mhí | 18,020 | 23,196 | 5,176 | 28.7 |
| 3 | Baile Brigín Tuaithe | Fine Gall | 4,501 | 9,651 | 5,150 | 114.4 |
| 4 | Leamhcán-An Eiscir | Átha Cliath Theas | 20,807 | 25,778 | 4,971 | 23.9 |
| 5 | An Baile Bán | Cathair na Gaillimhe | 5,522 | 9,878 | 4,356 | 78.9 |
| 6 | Gleann Cuillinn | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 10,266 | 13,939 | 3,673 | 35.8 |
| 7 | Toghroinn Cheantair Mhuire (bruachbhaile de Dhroichead Átha) | An Mhí | 5,457 | 8,707 | 3,250 | 59.6 |
| 8 | An Barda | Fine Gall | 1,308 | 4,464 | 3,156 | 241.3 |
| 9 | Ráth Tó | An Mhí | 5,581 | 8,629 | 3,048 | 54.6 |
| 10 | Sord-Halla an Leasáin | Fine Gall | 6,081 | 9,099 | 3,018 | 49.6 |
| 11 | Lusca | Fine Gall | 4,131 | 7,015 | 2,884 | 69.8 |
| 12 | Dubhar (i ngar d'aerphort Átha Cliath) | Fine Gall | 838 | 3,721 | 2,883 | 344.0 |
| 13 | Baile Choimín | Luimneach | 13,435 | 16,279 | 2,844 | 21.2 |
| 14 | Cill Chomhghaill | Cill Mhantáin | 4,066 | 6,856 | 2,790 | 68.6 |
| 15 | Tamhlacht-Rath Miontáin | Átha Cliath Theas | 9,838 | 12,586 | 2,748 | 27.9 |
| 16 | Sord-An Fhoraois | Fine Gall | 9,797 | 12,461 | 2,664 | 27.2 |
| 17 | An Muileann gCearr Tuaithe | An Iarmhí | 7,012 | 9,575 | 2,563 | 36.6 |
| 18 | Baile Iúiliáin | An Mhí | 5,806 | 8,281 | 2,475 | 42.6 |
| 19 | Caisleán Cnucha-Cnoc Mhaolrúin | Fine Gall | 14,859 | 17,110 | 2,251 | 15.1 |
| 20 | Dúglas | Corcaigh | 15,999 | 18,192 | 2,193 | 13.7 |

Sa chuid eile de Chúige Laighean bhí méaduithe móra daonra sna Toghranna seo i gCo na Mí: An Uaimh Tuaithe, Toghroinn Cheantair Mhuire bruachbhaile de Dhroichead Átha), Ráth Tó agus Baile Iúiliáin. Bhí Cill Chomhghaill i gCo Chill Mhantáin agus An Muileann gCearr Tuaithe i gCo na hIar Mhí i measc na gceantar ard fáis freisin.

I gCúige Mumhan d'fhás daonra Toghroinn Bhaile Choimín taobh amuigh de Chathair Luimní faoi 2,844 nó 21.2% idir na blianta 2002 agus 2006 ag an am céanna mhéadaigh daonra Dúglas, bruachbhaile de Chathair Chorcaí faoi 2,193 nó 13.7% thar an tréimhse chéanna.

Bhí méadú daonra de 4,356 (78.9%) sa Bhaile Bán i gCathair na Gaillimhe i rith na tréimhse 2002-2006 agus ag an am céanna sa chathair chéanna d'fhás daonra Bearna 1,973 (18.2%).

I gCúige Uladh (cuid de) mhéadaigh daonra Leitir Ceanainn (tuaithe) faoi 2,097 nó 55.2%.

**Athruithe sna Toghcheantair**

Léiríonn Tábla 3 an daonra sa bhliain 2002 agus 2006 agus líon na dTeachtaí Dála i ngach ceann den 43 Toghcheantair mar atá leagtha síos san Acht Toghcháin (Leasú) (Uimhir 16) 2005. Léiríonn an tábla an t-athrú céatadáin sa daonra de gach Toghcheantar chomh maith le meán líon na ndaoine do gach Teachta Dála bunaithe ar fhigiúirí do na réamhthorthaí daonra atá sa thuairisc reatha.

Léirigh Toghcheantar Átha Cliath Thiar, atá lonnaithe taobh istigh de chontae Fhine Gall, an t-athrú ba mhó sa daonra (+26.8%) idir 2002 agus 2006. Bunaithe ar thorthaí dhaonáirimh 2006 ar an méan tá 30,933 daoine ann do gach Teachta

Dála. Chomh maith céanna i mBaile Átha Cliath mhéadaigh an daonra in Átha Cliath Thuaidh, i bhFine Gall don chuid is mó, 21.4% rud a d'fhág meán líon na ndaoine do gach Teachta Dála ag 29,996.

Tá na méaduithe sa daonra a tugadh faoi deara do Chontae na Mí soiléir freisin san fhás sa Mhí Thoir (+23.4%) agus sa Mhí Thiar (18.9%). I measc na méaduithe suntasacha eile bhí Toghcheantair Chill Dara Theas (+17.7%) agus Corcaigh Thoir (+15%).

**Níos mó fireannaigh ná baineannaigh**

Gné eile den achoimre a d'ullmhaigh na háiritheoirí é an briseadh síos de réir gnéis. Tá cóimheas gnéis ar fáil i dTábla C (líon na bhfireannach do gach 1,000 baineannach) don Stát agus na Cúigí do gach daonáireamh ó 1926.

**Tábla C Fireannaigh do gach 1,000 baineannaigh i ngach Cúige, 1926-2006**

| Bliain | Iomlán | Laighean | Mumhan | Connacht | Uladh (cuid de) |
|---|---|---|---|---|---|
| 1926 | 1,029 | 998 | 1,036 | 1,060 | 1,067 |
| 1936 | 1,050 | 1,004 | 1,062 | 1,110 | 1,109 |
| 1946 | 1,024 | 971 | 1,040 | 1,097 | 1,103 |
| 1951 | 1,036 | 987 | 1,050 | 1,117 | 1,111 |
| 1956 | 1,019 | 968 | 1,038 | 1,108 | 1,092 |
| 1961 | 1,011 | 958 | 1,032 | 1,103 | 1,088 |
| 1966 | 1,010 | 964 | 1,032 | 1,095 | 1,083 |
| 1971 | 1,009 | 969 | 1,029 | 1,088 | 1,075 |
| 1979 | 1,011 | 979 | 1,031 | 1,068 | 1,076 |
| 1981 | 1,009 | 977 | 1,031 | 1,065 | 1,070 |
| 1986 | 999 | 973 | 1,017 | 1,042 | 1,055 |
| 1991 | 989 | 965 | 1,009 | 1,025 | 1,039 |
| 1996 | 986 | 964 | 1,005 | 1,016 | 1,032 |
| 2002 | 987 | 972 | 999 | 1,009 | 1,024 |
| 2006 | 1,001 | 989 | 1,010 | 1,019 | 1,027 |

Thit an cóimheas gnéis i ngach ceann den cheithre Cúige idir 1979 agus 1996. Lean an treocht síos idir 1996 agus 2002 i gCúige Mumhan, Connacht agus Uladh (cuid de) agus bhí an casadh i gCúige Laighean dóthanach le cinntiú go raibh méadú measartha sa chóimheas gnéis ag leibhéal Stáit. Sa thréimhse is déanaí idirdhaonáirimh léirigh gach Cúige méadú sa chóimheas gnéis.

I gCúige Laighean amháin a bhí líon na mbaineannach níos mó ná líon na bhfireannach sa bhliain 2006 agus ba i gCúige Uladh (cuid de) a bhí an bharraíocht ab airde fireannach. Ó na sonraí i dTábla 1 is féidir a theacht ar chinneadh ginearálta maidir leis an gcóimheas gnéis gur mó fireannaigh atá i gcontaetha tuaithe – Liatroim, an Cabhán agus Ros Comáin mar shampla – agus gur mó baineannaigh atá i gcathracha agus i gceantair uirbeacha.